



# Cruthaitheacht
# - bunchloch na fiontraíochta

Fiontraithe le Gaeilge,
Deireadh Fómhair 2006

Emer Ní Bhrádaigh,
Fiontar, DCU




# Cruthaitheacht (Iompar seachas Próiseas)

Prionsabail:

- Tagann gach idé ar an saol agus é ag bá san uisce!
- Ná déan caitheamh anuas ar idé – déan í a fhorbairt!
- Is deis chun foghlama é gach teip!
- Foghlaim conas a bheith ar do chompord le neamhchinnteacht!
- Ní rud intinne amháin í an chruthaitheacht!
- Cuimhnigh ar an gCosantóir agus ar an Duine Trialach!
- Déan an spás don réiteach níos mó!

# Ceisteanna Cruthaitheacha

- Cad a dhéanfá dá mbeadh a fhios agat nach bhféadfá teip?
- Cad a dhéanfá mura mbeadh bac airgid ná bac ama ort?
- Cad é an teip is úsáidí a bhí agat i do shaol?



# Smaoineamh Loighicúil & Cruthaitheach

| CLÉ | | DEAS |
|---|---|---|
| *Loighic, fíricí, 'bun & barr an scéil'* | | *Iomasach, samhlaíoch, briseadh rialacha* |
| *Eagraithe, pleanáilte, mionsonraí* | | *Idirphearsanta, mothúchánach, fócas ar dhaoine* |
| Ag lorg an fhreagra | ⟷ | Ag lorg ceisteanna |
| Teacht le chéile | ⟷ | Ag scaipeadh |
| Na rialacha, an dearcadh ceart | ⟷ | Fiosrú dearcaidh eile, lorg leargais |
| An struchtúr atá ann cheana féin | ⟷ | Athstruchtúrú |
| Ní oibreoidh an smaoineamh! | ⟷ | Cén chaoi a gcabhródh an smaoineamh |
| Céimeanna loighiciúla | ⟷ | Fáiltíonn roimh léimt neamhleanúnach |
| Ní bhaineann sin le hábhar! | ⟷ | Fáiltíonn roimh cur isteach trí thimpist |
| Dúnta | ⟷ | Oscailte ag deireadh |
| Eagla go ndéanfaí mé botúin / go mbeidh mé i m'amadán/óinseach | ⟷ | Spreagann tástáil |


CLÉ

Bunaithe ar De Bono, 1990

DEAS

# Foinsí do Smaointe

- Q-Tips: Leo Gerstenberg
  - Céile ag úsáid bior fiacail & olann cadás ar pháiste
- Inneal thar Bord: Ole Evenrude
  - Uachtar reoite leáite ag dul ag picnic ar oileán
- Tóstóir Uathoibreach: Charles Strite
  - Ar buile faoi thósta dóite sa mhonarcha
- Biro: Laszlo Biro, Milton Reyolds & Baron Bich
  - An Airgintín, SAM & surfáil
- Post-Its: Silver & Fry
  - Ó mhianadóireacht go haifreann
- Ryanair: Tony Ryan
  - Ocras agus costas


Hataí De Bono
Sonraí Oibiachtúla
Próiseas & Athmhachnamh
Cruthaitheacht & Smaointe Nua
Conas Idéanna a Chéile a Phlé
Mothúcháin
Loighic & Diúltach
Dearfach & Cuiditheach

# Aiseolas a Thabhairt

- Uaireanta ní fháiltímid roimh aiseolas nár iarramar.
- Pioc amach na rudaí a thaitin leat faoin idé ar dtús; bí sainiúil seachas ginearálta.
- Tóg na rudaí laga / diúltacha san idé, agus labhair faoin gcaoi ina bhféadfaí iad a fhorbairt.
  - ‘D’fhéadfá……’
  - ‘Conas a d’fhéadfá……’
  - ‘Meastú an bhféadfá……’

# Bealaí le Feabhas a chur ar Rud

1. An féidir é a úsáid ar bhealach eile? An féidir é a athrú?
2. Athrú i ndath, i ngluaiseacht, i mboladh, i bhfoirm, i gcruth?
3. Céard a d'fhéadfaí a mhéadú, a láidriú, a dhéanamh níos mó ná uair amháin?
4. Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh níos lú, níos ísle, níos giorra, níos láidre, níos mó, níos tibhe, i leagan beag, i níos mó ná dhá leagan, a scoilteadh, áibhéil a dhéanamh de?

# Bealaí le Feabhas a chur ar Rud

5. Leagan amach éagsúil, ord, ráta, amhábhar, ábhar, cumhacht, áit, dearcadh, tón gutha éagsúil?
6. Cad a d’fhéadfaí a chur cúl ar aghaidh, a aistriú, a chur le chéile, a déanamh níos réidh?
7. Cad iad na constaicí, na crosbhealaí, na hiontais, na haidhmeanna, na rudaí neamhéifeachtúla, na riachtanais thábhachtacha?

A.F. Osborn, 1957, *Applied Imagination*.

# Bacainní le Cruthaitheacht

- Is annamh a bhaineann daoine leas ceart as a gcruthaitheacht dhúchasach
  - cén fáth?
    - » Caitheann siad an iomarca ama
      - ag lorg freagra ceart amháin
      - fócas acu ar “bheith loighciúil”
      - ag leanacht “na rialacha” go dall
      - i gcónaí ag iarraidh a bheith praiticiúil
      - feictear spraoi mar rud maingléiseach
      - ag éirí róspeisialaithe
      - seachnaíonn siad débhríocht
      - faitíos roimh bhotúin, teip agus breathnú amaideach

Kirby, 2003

# Forbairt na Cruthaitheachta Pearsanta (1)

- Creideann an chuid is mó de dhaoine nach bhfuil siad cruthaitheach
  - Ní mór scileanna smaointeoireachta deas-inchinne a fhorbairt.
    - fiosraigh an bhfuil bealach níos fearr ann rudaí a dhéanamh
    - ceistigh nósanna, gnáthaimh agus traidisiún
    - bí machnamhach
    - triail ceist a fheiceáil ó pheirspictíocht eile
    - tuig go bhféadfadh níos mó ná freagra amháin a bheith ceart
    - breathnaigh ar bhotúin agus ar theipeanna mar phointí sosa ar bhóthar an rathúnais
    - tabhair le chéile smaointe a ndealraíonn sé nach bhfuil gaol eatarthu le teacht ar réiteach
    - breathnaigh ar cheist ó pheirspictíocht níos leithne

Kirby, 2003

# Forbairt na Cruthaitheachta Pearsanta (2)

- Lean Próiseas na Cruthaitheachta.
  - 7 gcéim
    - » Ullmhúchán (Ullmhú aigne)
    - » Imscrúdú (Staidéar ar an bhfadhb)
    - » Claochlú (Cosúlachtaí agus éagosúlachtaí a aithint)
    - » Goradh (Machnamh ar an eolas a bailíodh)
    - » Soilsiú (Réiteach a aithint)
    - » Cur i bhFeidhm (Claochlú ó smaoineamh go réaltacht)

Kirby, 2003

# Forbairt na Cruthaitheachta Pearsanta (3)

- Bí oscailte maidir le smaointe nua
  - Lorg smaointe nua
    - » léigh, téigh ag taisteal, labhair le daoine, bí fiosrach
    - » coinnigh taifead d'eolas "úsáideach", forbair leabharlann tagartha
- Úsáid teicnící nua le smaointe a ghiniúint
    - » Ransú smaointe & rólghlacadh
    - » Comhthiomsú éigeantach & ilúsáid
    - » Meafair agus analóga

Kirby, 2003

# Breisigh Cruthaitheacht Eagraíochtúil

- Bí ag súil le cruthaitheacht agus cruthaigh samhail chuige
- Bí ag súil le teip agus broic leis
- Spreag fiosracht
- Féach ar fhadhbanna mar dhúshláin
- Cuir oiliúint chun cruthaitheachta ar fáil
- Cuir tacaíocht ar fáil
- Cuir luach ar chruthaitheacht

Kirby, 2003

# Bacainní ar Chruthaitheacht

- Smaoineamh ingearach: ag sainmhíniú faidhbe ar bhealach amháin
- Stéiréitípeáil a dhéanamh ar chúinsí agus rangú
- Eolas a chomhbhrú
- Sástacht (complacency) & Easpa fiosrachta

# Eolas Breise


www.creax.com (ceistneoir le do leibhéal cruthaitheachta a mheas)


www.brainstorming.co.uk (teicníc le cruthaitheacht a fhorbairt)

Burns, Paul (2005) *Corporate Entrepreneurship*, Palgrave Macmillan.


De Bono, Edward (1990) *Lateral Thinking for Management*, Penguin, Harmondsworth.

Kirby, David (2003) *Entrepreneurship*, McGraw Hill.

# Cad é seo?



# Forbairt ar Idéanna




Bunaithe ar obair Barre Fitzpatrick